NCCA
National Council for Curriculum and Assessment
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

Tuairisc scoile do pháiste

Uair nó uaireanta sa bhliain, gheobhaidh tú tuairisc scríofa ón scoil ina bhfuil do pháiste. Beidh eolas sa tuairisc ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachtáil do pháiste ar scoil i **gceithre phríomhréimse**. Is iad na réimsí sin:

A. do pháiste mar fhoghlaimeoir
B. forás sóisialta agus pearsanta do pháiste
C. mar a fhoghlaimíonn do pháiste i ngach gné den churaclam
D. do príomhról mar thuismitheoir i dtacú le foghlaim do pháiste.

Míníonn an tábla thíos cuid de na téarmaí i dtuairisc do pháiste.

Gnéithe den tuairisc	Féadfaidh na rudaí seo a leanas a bheith sa tuairisc
do pháiste mar fhoghlaimeoir	• mar a thaitníonn an fhoghlaim ar scoil le do pháiste • mar a oibríonn do pháiste le páistí eile nó ina (h)aonar • mar a choinníonn do pháiste leis an obair, fiú nuair a bhíonn sé deacair • cé chomh cúramach is a oibríonn do pháiste ar scoil nó sa bhaile.
forás sóisialta agus pearsanta do pháiste	• má tá cuma shona ar do pháiste ar scoil • an chaoi a iompraíonn sí/sé í/é féin • an chaoi a réitíonn sí/sé le páistí eile sa seomra ranga agus sa chlós.
foghlaim do pháiste trasna an churaclaim	• mar atá ag éirí le do pháiste sa Bhéarla, sa Mhatamaitic, sa Ghaeilge agus in ábhair eile • cé acu an dteastaíonn beagán cabhrach nó mórán cabhrach uaithi/uaidh le hobair scoile • cé acu an dteastaíonn beagán cabhrach nó mórán cabhrach uaithi/uaidh le hobair bhaile. Is féidir leat féachaint ar DVD faoi fhoghlaim pháistí sna bunscoileanna ar **www.ncca.ie**
tusa agus foghlaim do pháiste	• mar a d'fhéadfá cabhrú le do pháiste a bheith níos fearr ar scoil • faoin gcaoi a d'fhéadfá cabhrú le foghlaim do pháiste sa bhaile. Chun bileog eolais a fháil ar conas is féidir leat cabhrú le foghlaim do pháiste, féach ar laithreán gréasáin na CNCM **www.ncca.ie**
torthaí trialacha caighdeánaithe	• toradh trialach caighdeánaithe, a bheidh i bhfoirm uimhreach • scríobhfaidh múinteoir do pháiste nóta gearr chun an scór a mhíniú duit. Chun bileog eolais faoi trialacha caighdeánaithe do thuismitheoirí a fháil, féach ar laithreán gréasáin na CNCM **www.ncca.ie**
nótaí tráchta	• spás inar féidir le múinteoir do pháiste nóta tráchta pearsanta a scríobh • d'fhéadfaí nóta tráchta a bheith ann duit mar gheall ar ghné éigin sa tuairisc, nó ina luann sí/sé rud éigin ar mhaith léi/leis a phlé leat. • d'fhéadfadh an múinteoir an spás seo a úsáid chun aird a tharraingt ar ghnóthachtáil nó tréith éigin i do pháiste nó chun do pháiste a mholadh.